# Imeachtaí Foclóireachta Fhoras na Gaeilge

# Oireachtas na Samhna 2024

**Dáta:** **Dé hAoine, 1 Samhain**
**Láthair:** **Svuít 3, INEC, Óstán Gleneagle**

| Ó | Go dtí | Ábhar | Cainteoir |
|---|---|---|---|
| 2.00 | 2.45 | **Úsáid *focloir.ie* agus *teanglann.ie***<br>Cur i láthair 30 nóiméad ag taispeáint conas lántairbhe a bhaint as na foclóirí agus áiseanna ar líne ag focloir.ie agus teanglann.ie. Seisiún gairid ceisteanna agus plé ina dhiaidh.<br><br>Tae agus caife ar fáil. | Pádraig Ó Mianáin & Cormac Breathnach |

**Dáta:** **Dé hAoine, 1 Samhain**
**Láthair:** **Svuít 3, INEC, Óstán Gleneagle**

| Ó | Go dtí | Ábhar | Cainteoir |
|---|---|---|---|
| 4.00 | 4.45 | **Focal ar Fhocal: Tionscadail Foclóireachta Fhoras na Gaeilge**<br><br>Tabharfar nuashonrú le linn an tseisiúin seo ar an obair atá ar bun le bliain anuas agus atá beartaithe sa bhliain romhainn sna foclóirí éagsúla atá idir lámha ag Rannóg Foclóireachta Fhoras na Gaeilge. Caithfear spléachadh ar chuid den obair atá déanta ar an bhfoclóir nua aonteangach Gaeilge agus ar an bhfoclóir nua Gaeilge-Béarla, agus caithfear súil ar nuashonruithe eile atá déanta ar teanglann.ie agus ar foclóir.ie. Beidh seisiún ceisteanna agus plé ina dhiaidh. | Pádraig Ó Mianáin & Cormac Breathnach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Craolfar an seisiún seo ar leathanach YouTube Fhoras na Gaeilge.<br><br>Tae agus caife ar fáil. | |

**Dáta:** **Dé Sathairn 2 Samhain**
**Láthair:** **Svuít 2, INEC, Óstán Gleneagle**

| Ó | Go dtí | Ábhar | Cainteoir |
|---|---|---|---|
| 1.00 | 2.00 | **Ré nua, foclóirí nua**<br><br>I gceann bliana, beidh dhá mhórfhoclóir nua á bhfoilsiú ag Foras na Gaeilge, foclóir aonteangach Gaeilge agus foclóir nua Gaeilge-Béarla. Tá sé beagnach 50 bliain ó foilsíodh Foclóir Uí Dhónaill, agus tá athrú as cuimse tagtha ar chúrsaí an tsaoil agus na teanga idir an dá linn. Sa chur i láthair 30 nóiméad seo caithfear súil ar an méid a bheidh agus nach mbeidh sna foclóirí nua, ar an mbonn ar a bhfuil an t-ábhar á roghnú agus ar an gcuma a bheidh ar an ábhar sin le hais na bhfoclóirí seanbhunaithe. Beidh seisiún plé agus ceisteanna ina dhiaidh.<br><br>Tae agus caife ar fáil.<br><br>Craolfar an seisiún seo ar leathanach YouTube Fhoras na Gaeilge. | Pádraig Ó Mianáin & Cormac Breathnach |